Áiseanna Teagaisc

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi áiseanna nua teagaisc don Ghaeilge. An bhfuil Gaeilge agat ar na frásaí seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte féachaigí san fhoclóir.

- new multi-media resources: _____
- secondary level students: _____
- very sought after: _____
- the teaching occupation: _____
- specific qualification: _____
- training colleges: _____
- teaching tools: _____
- basic needs: _____

An bhfuil cur amach agat ar an eagraíocht COGG?
An bhfuil Gaeilge agat ar *iPad* agus ar *iBook*?

Ceist 2 An féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar na tuairisce, ag baint úsáide as an stór focal thuas? An bhfuil na tuairimí céanna ag an duine in aice leat?

Ceist 3 Féachaigí ar an mír den chéad uair agus féachaigí an raibh an ceart agaibh.

Ceist 4 A. Féach ar an mír den dara huair agus scríobh cúpla líne ag déanamh cur síos ar an tuairisc.

B. Cad a bhí le rá ag na daoine seo:

Aoife Nic Dhonncha
Seán Ó Grádaigh
Cathal Ó Conchúir

Ceist 4 Na haimsirí!

A. Cad iad na haimsirí a bhí le cloisteáil sa mhír?

B. Féach ar an tuairisc arís agus breac síos na samplaí áirithe de na haimsirí ar fad a chloiseann tú.

Ceist 5 '…den dá scór múinteoir…' agus '…dhá m**h**íle d**h**éag euro…'

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus freagraígí na ceisteanna seo:

(i) Cad is féidir libh a rá faoi na focail le línte fúthu thuas?
(ii) Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal **míle**?
(iii) Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal **déag**?
(iv) Cuir Gaeilge ar na samplaí seo:

16 nights: _____
13 computers: _____
12 plates: _____
12 cars: _____
17 houses: _____
15 places: _____

`

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad a cheapann tú faoi na *ibooks* seo?
2. An gcuideodh a leithéid leat an Ghaeilge a fhoghlaim, dar leat?
3. Cén ghné den Ghaeilge is mó a bhfuil deacracht agat léi – an léamh, an scríobh, an éisteacht nó an labhairt?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na ceiste seo i mbeirteanna, sula seinntear an tuairisc.

new multi-media resources:	*áiseanna nua ilmheánacha*
secondary level students:	*daltaí meánscoile*
very sought after:	*an-tóir ar*
the teaching occupation:	*ceird na múinteoireachta*
specific qualification:	*saincháilíocht*
training colleges:	*coláistí oiliúna*
teaching tools:	*uirlisí teagaisc*
basic needs:	*bunriachtanais*

Ceist 2

Tabhair deis do na foghlaimeoirí buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhar na tuairisce. Abair leo a dtuairimí a roinnt leis na daoine in aice leo sula bpléifeá féin an scéal leo. Ná hinis ábhar na míre dóibh go fóill.

Ceist 3

Cuir an mhír ar siúl uair amháin le feiceáil an raibh a dtuairimí faoin scéal i gceart.

Ceist 4

A. Féach an script. Níl ach líne nó dhó d'achoimre i gceist anseo.
B. **Aoife Ní Dhonncha**: Tá Aoife ag déanamh a cleachtaidh teagaisc i gColáiste Iognáid agus bíonn an *ipad* á úsáid aici i gcónaí. Tá a pleananna ceachta ar an *ipad*, chomh maith le háiseanna teagaisc.
   Seán Ó Grádaigh*:* Deir sé go bhfuil muintir an chúrsa cáilithe le bheith ag múineadh trí Ghaeilge, ach chomh maith leis sin is é an t-aon chúrsa san Eoraip a bhíonn ag baint leasa as an *ipad* chun áiseanna ilmheánacha teagaisc a úsáid. Tá a lán suime léirithe ag coláistí eile oiliúna sa ghné sin.
   Cathal Ó Conchúir: Deir sé gur cheart a bheith cúramach agus gan neamart a dhéanamh sna gnéithe eile a bhaineann le teanga a fhoghlaim – is é sin an léamh agus an scríobh. Ba cheart iad a shníomh leis na háiseanna ar an *ipad*.

Ceist 5

An aimsir láithreach: tá (bí), deir
An aimsir chaite: chuir
An aimsir fháistineach: caithfimid, bainfimid, go gcaithfimid, a bheidh (a bheas)

Ceist 6

(i) Tá na focail san uimhir uatha.
(ii) Leanann séimhiú **dhá.**
(iii) Cuirtear séimhiú ar **déag** má leanann sé ainmfhocal a chríochnaíonn le guta.
(iv)

16 nights:	*sé oíche dhéag*
13 computers:	*trí ríomhaire dhéag*
12 plates:	*dhá phláta dhéag*
12 cars:	*dhá ghluaisteán déag*
17 houses:	*seacht dteach déag*
`15 places:	*cúig áit déag*

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Tá áiseanna nua ilmheánacha trí Ghaeilge do mhúinteoirí agus do dhaltaí meánscoile forbartha ag Scoil an Oideachais in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. *ibooks* atá ar na háiseanna nua teagaisc agus foghlama seo, atá curtha le chéile ag mic léinn agus foireann teagaisc an chúrsa *Dioplóma Gairmiúil san Oideachas*. Tá lucht teagaisc as Iosrael agus as Meiriceá tar éis cuairt a thabhairt ar lucht an chúrsa mar gurb é an t-aon chúrsa dá leithéid ar fud na hEorpa é ina ndéantar chuile rud ar an *ipad*.

Máire T. de Mhadaoin
'Níl ort ach tapáil ar an bhfocal a bhfuil[1] tú ag iarraidh nóta a dhéanamh de, agus nóta a bhrú.' Duine den dá scór múinteoir faoi oiliúint, atá ar an gcúrsa *Dioplóma Gairmiúil san Oideachas*. Ní hamháin go bhfuil an-tóir ar an gcúrsa, tá an-tóir ar na rannpháirtithe freisin. Chomh maith le bheith oilte i gceird na múinteoireachta, tá saincháilíocht bhreise acu mar go bhfuil áiseanna teagaisc ilmheánacha curtha le chéile agus foilsithe acu.

Aoife Nic Dhonncha
Bhuel tá mise ag déanamh mo chleachtaidh teagaisc i gColáiste Iognáid anseo i nGaillimh agus tá fíorúsáid ag baint leis an *ipad* dúinne go mór mhór ar an gcúrsa. Tá gach uile rud againn ar an *ipad*, ónár gcuid pleananna ceachta go dtí na háiseanna teagaisc. Caithfimid úsáid a bhaint as agus bainfimid úsáid as go laethúil sna ranganna.

Máire T. de Mhadaoin
Tá tíreolas, eolaíocht agus gnó i measc na n-ábhar teagaisc atá foilsithe mar *ibooks* ag mic léinn agus foireann an chúrsa go dtí seo.

Seán Ó Grádaigh
Tá chuile dhuine ar an gcúrsa seo, tá siad ag déanamh an chleachtaidh teagaisc uilig i nGaelcholáistí nó sa nGaeltacht agus tá siad cáilithe i ndáiríre le bheith ag obair... ag teagasc trí Ghaeilge. Ach, tá siad eisceachtúil ar go leor bealaí eile is dócha chomh maith céanna. Seo é an t-aon chúrsa oiliúna d'ábhar oidí san Eoraip atá ag baint leasa as an *ipad* ar an gcaoi seo. Agus, tá an-suim léirithe ag go leor coláistí oiliúna eile ar fud na cruinne i ndáiríre ar an méid atá á dhéanamh anseo againn, go háirithe i dtaobh an *ipad* a úsáid sa teagasc.

Máire T. de Mhadaoin
Deir múinteoirí go gcuireann *ipadanna* agus *ibooks* go mór leis na huirlisí teagaisc agus foghlama sa seomra ranga. Ach, ina dhiaidh sin féin tá bunscileanna tábhachtacha fós le foghlaim.

Cathal Ó Conchúir
Ar an lámh eile is dóigh liom, ní féidir linn na maidí a ligean le sruth maidir le litríocht agus le foghlaim, léamh agus na bunriachtanais atá ag teastáil ó ghasúir i seomra ranga. Agus go gcaithfimid an dá áis – an léamh agus an scríobh – a shníomh isteach le chéile leis an *ipad*.

Máire T. de Mhadaoin
Is féidir teacht ar na háiseanna nua ilmheánacha atá curtha le chéile ag an ollscoil, saor in aisce ar an *ibook store*. Is í an eagraíocht COGG, an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a chuir an t-airgead ar fáil, thart ar dhá mhíle dhéag euro, chun na háiseanna nua ilmheánacha a fhorbairt. Áiseanna atá ar fáil in os cionn seasca faoin gcéad de ghaelcholáistí na tíre cheana féin agus is ag ardú a bheas[2] an céatadán sin le himeacht aimsire. Máire T. Ní Mhadaoin, Nuacht TG4 i nGaillimh.

[1] *atá* a deirtear
[2] *a bheidh* atá sa chaighdeán oifigiúil